Gadaíocht Feirme

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi ghadaíocht feirme. Tá stór focal ann a bhaineann le feirmeoireacht. Beidh an mhír níos éasca le tuiscint má tá na focail thíos ar eolas agat roimh ré. Caith súil orthu sula n-éisteann tú leis an mír.

1. an bromach:	*the colt* (capall óg fireann)
2. an coiléar:	*the collar* (cuid den chéachta)
3. na céachtaí:	*the ploughs*
4. á gcur i bhfearas*:	*being rigged up*
5. éicphobal:	*eco-village*
6. trealamh feirme:	*farm equipment*
7. gineadóirí cumhachta:	*generators*
8. tácla na gcapall:	*tackle for horses*
9. ag seisreacht:	*ploughing*
10. ag treabhadh:	*ploughing*
11. leantóir:	*a trailer*

*Ciallaíonn 'cur i bhfearas' *to put away*, chomh maith, e.g. "cuir na gréithe i bhfearas, le do thoil."

Ceist 2 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Ceann de na feirmeacha atá buailte ag gadaíocht ná feirm phoiblí atá bainteach le héicphobal i gCloch Shiurdáin. An mbeadh spéis agatsa a bheith i do chónaí in éicphobal? Cén fáth?
2. An ndéanann tú iarracht maireachtáil i slí atá inmharthana? Conas a dhéanann tú é sin?

Ceist 3 Féach ar an mír anois agus freagair na ceisteanna seo.

1. Cad a goideadh ón bhfeirm phoiblí i gCloch Shiurdáin?
2. Cén fáth ar luaigh Annemarie Nugent Meiriceá?
3. Cad atá déanta ag an bpobal mar fhreagairt ar an ngadaíocht?
4. Cén bhaint atá ag Cumann Chapaill Oibre na hÉireann leis an scéal?

Ceist 4 Cuir na focail / frásaí seo in abairtí a léireodh a mbrí.

- léiríodh
- dá leithéid
- dírithe ar
- cuireann sé as dom
- bainteach le

Ceist 5 Luaitear ‘deich n-acra’ agus ‘ocht bpéire’ sa mhír. Féach ar an bpatrún sa tábla anseo thíos agus déan an cleachtadh a ghabhann leis.

	1	2–6	7–10
Consain	**séimhiú (seachas d, s, t)** aon chearc amháin aon fheirm amháin aon **t**arracóir amháin etc.	**séimhiú** dhá chapall trí fheirm ceithre dhoras etc.	**urú** seacht bpéire ocht bhfeirm naoi dtarracóir etc.
Gutaí	**gan athrú** aon acra amháin	**gan athrú** dhá uirlis trí éan ceithre ócáid etc.	**urú (n-)** seacht n-úll ocht n-uirlis naoi n-acra etc.

Aistrigh na frásaí seo go Gaeilge.

1. four farms: _____
2. three fields: _____
3. seven tractors: _____
4. two windows: _____
5. eight windows: _____
6. nine floors: _____
7. three floors: _____
8. five nights: _____
9. ten nights: _____
10. four cups: _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Ar tógadh tú ar fheirm?
2. Cad a thaitneodh leat / a thaitníonn leat faoi obair feirme?
3. Cad í an scil thraidisiúnta is mó ar mhaith leat a bheith agat (e.g. curadóireacht, cniotáil, fuáil, criadóireacht, fíodóireacht)?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tabhair deis do na foghlaimeoirí féachaint ar an stór focal sula bhféachann siad ar an mír.

Ceist 2
Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna chun na ceisteanna seo a phlé.

Ceist 3
1. Luach €8,000 de threalamh feirme, idir ghineadóirí cumhachta, uirlisí feirme agus tácla capall.
2. Cheannaigh pobal na feirme trealamh speisialta ó Mheiriceá agus tá díomá orthu go bhfuil sé imithe anois.
3. Tá ócáid phobail eagraithe acu chun airgead a bhailiú. Chuireadar ceol, bia agus taispeántas scileanna capall ar fáil don phobal. Tá €4,000 bailithe acu.
4. Ba i gcomhpháirtíocht le Cumann Chapaill Oibre na hÉireann a eagraíodh an ócáid phobail.

Ceist 4
Cuir pé cabhair is gá ar fáil do na foghlaimeoirí chun na focail/frasaí a chur in abairtí.

Ceist 5
1. four farms: ceithre fheirm
2. three fields: trí ghort/trí pháirc
3. seven tractors: seacht dtarracóir
4. two windows: dhá fhuinneog
5. eight windows: ocht bhfuinneog
6. nine floors: naoi n-urlár
7. three floors: trí urlár
8. five nights: cúig oíche
9. ten nights: deich n-oíche
10. four cups: ceithre chupa/ceithre chupán

Ceist 6
Cuir gach beirt nó triúr ag obair le chéile chun na ceisteanna a phlé.

Gadaíocht Feirme
Bhur gcéad fáilte thar n-ais[1] tráthnóna. An tseachtain seo a d'imigh tharainn do bhailigh[2] os cionn míle duine ag cruinniú i dTiobraid Árann inar léiríodh an-chuid imní faoi eachtraí coiriúlachta agus buirgléireachta faoin dtuath[3]. Ar cheann de na feirmeacha atá buailte ag gadaíocht le déanaí tá Feirm an Phobail i gCloch Shiurdáin, agus tráthnóna inné reáchtáladh ócáid speisialta in iarracht airgead a bhailiú don bhfeirm[4].

Tomás Ó Mainnín
Tráthnóna fómhair i gCloch Shiurdáin agus an bromach, an coiléar agus na céachtaí á gcur i bhfearas chun suas le deich n-acra[5] talún a threabhadh. Is feirm phoiblí í seo ina bhfástar glasraí don bpobal[6] sa cheantar áitiúil agus dóibhsean atá ina gcónaí san éicphobal, an chéad bhaile dá leithéid a tógadh sa tír atá dírithe ar mhaireachtaint[7] ar shlí níos inmharthana. Ach cúpla seachtain ó shin briseadh isteach ar an bhfeirm anseo agus goideadh luach mór airgid de threalamh feirme idir ghineadóirí cumhachta, uirlisí feirme agus tácla na gcapall a úsáidtear anseo. In iarracht trealamh a cheannach thar n-ais a eagraíodh ócáid speisialta i gcomhpháirtíocht le Cumann Chapaill Oibre na hÉireann. Suas le hocht bpéire[8] capall ag seisreacht feadh an lae.

Annemarie Nugent
Tógadh suas le €8,000 de threalamh na gcapall uainn agus chomh maith leis sin tógadh leantóir a bhí thuas ansin bainteach le duine éigin de bhaill na feirme[9] agus tógadh é sin chun an trealamh a thógáil agus a ghoid agus ní bhfuaireadar é.

Tomás Ó Mainnín
Ócáid don bpobal a bhí in ócáid an lae inné le idir cheol, bhia agus scileanna láimhseáil na gcapall ar taispeáint. Cé gur bhuille mór a bhí sa ghadaíocht don bpobal anseo, as an luach €8,000 a goideadh tá éirithe leo nach mór €4,000 a bhailiú chun trealamh eile a cheannach.

Annemarie Nugent
Tá roinnt mhaith airgid faighte againn ach nílimid ábalta an méid sin airgid a fháil ar ais arís, *I mean* €8,000 ...agus bhí trealamh an-speisialta ann. D'ordaíomar cuid de ó Mheiriceá is dóigh liom agus is iontach an stuif a bhí againn agus tá sé imithe anois. Cuireann sé as do dhaoine, fiú mura bhfuil siad bainteach leis an bhfeirm, go bhfuil duine éigin nó dream éigin ag dul timpeall na háite agus iad ag goid rudaí ó fheirmeacha. Cuireann sé as do gach éinne[10].

Tomás Ó Mainnín
Tá fiosrúchán na nGardaí ag leanúint ar aghaidh maidir leis an ngadaíocht agus cé is gur buille ab ea é, le cabhair an phobail agus na gcapall anseo, beidh glasraí ag fás anseo arís don bpobal san earrach seo chugainn.
Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 i gCloch Shiurdáin i dTiobraid Árann.

---

[1] *ar ais* an leagan caighdeánach
[2] *bhailigh* an leagan caighdeánach
[3] Córas na Mumhan
[4] Córas na Mumhan
[5] *deich acra* a deirtear sa mhír
[6] Córas na Mumhan
[7] *ar mhaireachtáil* an leagan caighdeánach
[8] *ocht phéire* a deirtear sa mhír
[9] *de bhaill an fheirm* a deirtear sa mhír
[10] *gach aon duine* an leagan caighdeánach